

## Stair na Feirmeoireachta sa Sean-Phobal

### *Proinnsias Breathnach*

**G**OMINIC CLOISTEAR idirdhealú á dhéanamh idir an fheirmeoireacht 'nua-aimseartha' agus an fheirmeoireacht 'traidisiúnta', agus cheapfa uaidh seo gur beag athrú a thit amach sa tionscal talmhaíochta in Éirinn leis na céadta blian go dtí timpeall daichead blian ó shoin, nuair a thosnaigh sraith próiseas a d'athraigh aghaidh an tionscail ó bhun go barr. Ach ní mar sin a bhí, i ndáiríre. Mar a thaispeánann stair na feirmeoireachta sa Sean-Phobal, bhí athruithe leanúnacha ar siúl beagnach an t-am go léir, agus cé go bhfuil an tionscal sa cheantar inniu an-dhifriúil go deo i gcomparáid le céad blian ó shoin, d'fhéadfaí an rud céanna a rá dá ndéanfaí comparáid idir tús na fichiú aoise agus tús an haoise roimis sin.

De bharr aeráid na tíre seo a bheith fliuch measartha, tá claonadh nádúrtha sa talmhaíocht i dtreo na feirmeoireachta tréadaí (.i. cothú beostoic) in ionad na curadóireachta. Mar sin, bhí áit lárnach ag eallach – agus go háirithe ba bainne – sa sean-chultúr Gaelach, inar áiríodh saibhreas an duine ón méad bó a bhí aige. Sa ré Ghaelach b'é an tuath an ceantar a bhí fé cheannas clainne fé leith, agus laistigh den tuath bhí an talamh roinnte ina bailte fearainn, le gach baile fearainn fé choimirce baill den chlann tuaithe, agus cónaí ar theaghlach an duine seo – agus na daoine a bhí ag obair dó – in áitiú dúnta ar a dtugtaí an ráth nó an lios.

Nuair a tháinig na Normannaigh, chónaigh na tiarnaí i gcaisleáin nó túrthithe le sráidbhailte do na gnáthdhaoine in aice leo, agus chuir siad níos mó béime ar na gcuradóireacht, rud a chiallaigh go raibh áit an-thábhachtach ag an muileann sa sráidbhaile. Cé go raibh roinnt tráchtála ar siúl, cosúil leis an bhfeirmeoireacht Ghaelach tríd is tríd, ba chóras féinchothaitheach é córas eacnamaíoch na Normannach.

Tharla athrú an-bhunúsach san fheirmeoireacht in Éirinn nuair a tháinig na tiarnaí talún ón mBreatain isteach sa 17ú aois. Theastaigh ó na daoine seo go ndéanfaidís brabach ó na heastáit mhóra a fuair siad. Mar sin, roinneadh an talamh i bhfeirmeacha aonaracha, le gach teaghlach feirmeoireachta ag cónaí ar a fheirm féin, agus gearradh cíos ar na teaghlaigh seo, go raibh orthu farasbarr a tháirgiú agus a dhíol ionnus go bhféadfaidís an cíos a íoc. Agus chun úsáid na talún a chur ar bhonn éifeachtach, roinneadh an talamh ar gach feirm i bpáirceanna le claíocha eatarthu. Ba iad im, mairteoil agus muiceoil na táirgí is mó a d'fhás as an gcóras nua talmhaíochta seo, agus i dtosach báire ba iad margáí treas-Atlantacha is mó a bhí á gcothú acu, mar go raibh margadh na Breataine dúnta do tháirgí Éireannacha.

Ach le fás na tionsclaíochta, na mbailte móra, agus an daonra sa Bhreatain, i dtreo dheireadh na 18ú aoise cuireadh críoch leis an gcosc seo, agus ina dhiaidh sin bhí talmhaíocht na hÉireann dírithe beagnach go hiomlán ar an margadh Breataineach. Sa tréimshe seo, leis, toisc an Bhreatain a bheith i síor-chogaíocht leis an bhFrainc, cuireadh foirdheontais ar fáil d'fheirmeoirí na hÉireann chun an churadóireacht – agus go háirithe saothrú cruithneachtan – a mhéadú chun armshlua ábhalmhór na Breataine a chothú, fad is a bhí na sean-fhoinsí arbhair ar an mór-roinn dúnta don Bhreatain ag na Francaigh. Mar sin, in ainneoin ná raibh aeráid na hÉireann in oiriúint, tríd is tríd, do shaothrú arbhair, tharla borradh mór sa churadóireacht ag deireadh na 18ú agus tús na 19ú aoise. Fé 1815, ba tháirgí gráin iad aon cheathrú d'onnmhairithe na hÉireann, agus in oirdheisceart na tíre, bhí suas lena leath den talamh tugtha don churadóireacht (Ó Gráda, 1994).

#### An fheirmeoireacht sa Sean-Phobal san 19ú aois

Toradh amháin a d'fhás as leathnú na curadóireachta ná méadú mór sa daonra, agus go háirithe sa daonra tuaithe, toisc go mbíodh i bhfad níos mó oibrithe ag teastáil don churadóireacht ná don talmhaíocht tréadach. Mar sin, bhí borradh mór, leis, i méad na dteaghlach tuaithe ná raibh feirmeachá acu ach a bhí ag obair d'fheirmeoirí. Um an taca so, d'fhéadfaí an Sean-Phobal a roinnt ina dhá leath ó thaobh na feirmeoireachta dhe. Ar an talamh íseal (fé bhun 100 méadar ar airde) i ndeisceart agus in oirthear an cheantair, bhí an talamh go maith, agus ba fheirmeoirí 'tréana' (le 30 acra ar a laghad acu, agus i bhfad níos mó ná sin ag an-chuid acu) iad formhór na bhfeirmeoirí gur theastaigh oibrithe uathu chun an talamh a shaothrú (Burtchaell, 1992).

San iarthuaisceart, atá níos airde, níos fliche agus níos fuaire, ní raibh an talamh roinnte i bhfeirmeacha ar chor ar bith, ach fágtha ina choimín. Bhí an chuid seo den pharóiste clúdaithe le limistéir leathana de thalamh fhraochach nó luachrach ar a dtugtaí 'réanna'. Ach in ainneoin a bhoichte agus a bhí an talamh, ba acmhainn luachmhar í do na teaghlach sa cheantar ná raibh aon talamh acu féin (féach thíos). Chónaigh formhór na dteaghlach seo i mbotháin ainniseacha, atá le feiscint scaipthe go foirleathan – ina ngrúpaí nó ina n-aonar – ar fuaid an tSean-Phobail sa chéad léarscáil den cheantar a chumadh ag an Suirbhéireacht Ordanáis in 1841. Tá sé le tuiscint ón líon bothán seo go raibh an churadóireacht an-thábhachtach sa Sean-Phobal ag tús na 19ú aoise. Bhraith múintir na mbothán seo go mór ar

an bpráta mar ábhar bídh agus, ar ndóigh, chuir an cothú prátaí go mór le fás na curadóireachta in Éirinn i rith na tréimhse seo.

Níor chas feirmeoirí na hÉireann go mór ar ais i dtreo na talmhaíochta tréadaí nuair a cuireadh críoch leis na cogáí Francacha in 1815, mar d'fhan praghas an arbhair an-ard de bharr na nDlíthe Arbhair a chuir cáin mhór ar allmhairithe arbhair ó Iasmuigh den Ríocht Aontaithe (go raibh Éire mar chuid de ó 1801 ar aghaidh). Ag an am céanna, bhí fás láidir sa déiríocht agus san onnmhairiú ime go dtí an Bhreatain sa chéad leath den 19ú aois: fé lár na haoise, bhí níos mó ba bainne ná callach mairteola in Éirinn. Gan amhras, bhain feirmeoirí an tSean-Phobail an-leas as an mborradh seo sa tionscal ime, mar go raibh an réigiún máguaird tugtha go mór don déiríocht, le níos mó ná a leath de onnmhairithe iomlán ime na tíre ag dul amach trí Chorcaigh agus Port Láirge, agus cuid mhaith eile ag dul trí Eochail (Clohessy, gan dáta; Solar, 1990).

Tá sé le tuiscint, mar sin, go raibh feirmeoirí an tSean-Phobail ag déanamh go maith i rith na tréimhse seo. Ní raibh cúrsaí amhlaidh, áfach, i gcás na dteaghlach ná raibh talamh acu – teaghlaigh go raibh formhór mór an daonra orthu. Lean líon agus daonra na dteaghlach seo ag méadú, in ainneoin ná raibh aon obair fheirmeoireachta bhreise ar fáil dóibh. Mar sin, bhí an-chuid de na teaghlaigh seo i gcruachás, gan aon airgead ag teacht isteach agus iad ag brath go mór ar phaiste prátaí chun iad a chothú. Ba bhuille mór do roinnt de na teaghlaigh seo cinneadh an tiarna talún, thart ar 1830, na réanna ar na cnoic a dhúnadh isteach agus a roinnt ina bhfeirmeacha. Bhí an talamh coimíneachta seo in úsáid go foirleathan ag na teaghlaigh ná raibh talamh acu féin, mar fhoinse móna, i gcomhair paistí prátaí nó chun ba a choimeád. Leis an mbrú ar an talamh seo ag méadú de réir mar a mhéadaigh an daonra, gan amhras, chinn an tiarna talún go raibh gá úsáid na talún a chur fé smacht (Kiely agus Nolan, 1992). Ach cé gur tháinig na teaghlaigh a fuair feirmeacha ón gcinneadh seo go maith as, bhí i bhfad níos mó teaghlach a bhí thíos leis.

I ndeireadh thiar, mar is eol do chách, fágadh na daoine seo in umar na haimléise ar fad nuair a theip ar na prátaí sna daicheadaí. Cé gur éirigh le roinnt mhaith acu éalú thar lear, fuair roinnt mhaith eile bás ón ocra, nó ón bhfiabhras a d'fhás as an ocra. Mar sin, bhí titim an-obann agus an-mhór sa daonra: ó 435 teaghlach agus 2,997 duine in 1841 go dtí 254 teaghlach agus 1,806 duine in 1851 i dtoghroinn Bhaile Mhic Airt (nach ionann é agus paróiste an tSean-Phobail, ach atá gar go leor dó). Lean an t-íslíú daonra seo ar aghaidh go dtí ná raibh fágtha fé 1901 ach 113 teaghlach agus 569

STAIR NA FEIRMEOIREACHTA SA SEAN-PHOBAL

duine. Fén am so, is beag teaghlach seachas feirmeoirí a bhí fágtha sa Sean-Phobal. Ar ndóigh, cé gurbh iad na teaghlaigh gan talamh, nó ar bheagán talún, is mó fé ndear an laghdú daonra thart ar am an Ghorta Mhóir, de réir a chéile is ó na feirmeacha a tháinig formhór na n-imirceoirí. Ach cé gur imigh na teaghlaigh gan talamh ina n-iomláine, is daoine aonaracha a d'fhág na feirmeacha, mar go raibh sé mar phatrún ar fuaid na tíre gur fágadh ar a laghad duine nó beirt sa bhaile chun an fheirm a choimeád.

Chiallaigh sé sin ná raibh an oiread céanna daoine ag brath ar na feirmeacha mar fhoinse beatha, rud a d'fhág na daoine a bhí fós sa bhaile ar chaighdeán níos airde maireachtana. Ach níba thábhachtaí fós ón taobh sin de ab ea ardú na bpraghasanna talmhaíochta – agus go háirithe na praghasanna mairteola – sa tarna leath den 19ú aois. Tharla titim tubaisteach sa churadóireacht in Éirinn nuair a cuireadh deireadh leis na hAchtanna Arbhair in 1847 agus scaoileadh arbhar saor isteach sa Bhreatain, go háirithe ó Mheiriceá. In 1855 (an chéad bhliain inar tógadh áireamh talmhaíochta inchreidte, de réir Uí Ghráda), bhí 40% den talamh i gceantar Chnoc na Droma fós in úsáid i gcomhair na curadóireachta; fé 1936 bhí an céadchodán titithe go dtí 17% i gcás Bhaile Mhic Airt. Ba iad an chruithneacht agus na prátaí ba mhó fé ndear an t-íslíú so (Tábla 1).

TÁBLA 1

	ÚSÁID TALÚN FEIRMEOIREACHTA 1855–1936 (%)	
	1855 (CNOIC NA DROMA)	1936 (TOGHR. BH. MHC AIRT)
Barra	40	17
<i>Cruithneacht</i>	9	2
<i>Eorna</i>	10	6
<i>Coirce</i>	6	3
<i>Prátaí</i>	8	1
<i>Tornapáí/Maingil</i>	5	3
Féar	60	83

Foinse: An tÁireamh Talmhaíochta

Cuireadh stad leis le fás na déiríochta sa tarna leath den 19ú aois. Ba í an phríomhchúis leis seo ná borradh mór a tharlúint in allmhairiú an ime go dtí an Bhreatain ó mhór-roinn na hEorpa (agus go háirithe ón Danmhairg) agus, ag druidim go deireadh an chéid, ón Astráil agus ón Nua-Shéalainn. Ní hamháin gur chuir an iomaíocht ó na foinsí seo srian leis an bpraghas sa mhargadh (ar ndóigh, thit sé go mór idir 1870 agus 1885), ach tríd is tríd,

bhí an t-im a bhí ag teacht ó thar lear ar chaighdeán níos airde ná an t-im Éireannach agus, mar sin, in ann praghas níos fearr a fháil. Cé gur shocraigh an praghas ag an leibhéal céanna ó 1885 ar aghaidh (tar éis dó titim go mór sna blianta roimhe sin), lean praghas na mairteola ag dul i méad go dtí tar éis an Chogaidh Mhóir. Chiollaigh sé sin go raibh claonadh láidir i dtreo cothú eallaigh mhairteola sa tréimhse seo in Éirinn (Turner, 1996).

Léiríonn Tábla 2 an claonadh seo i gcás Bharúntacht Cnoc na Droma. Tá sé le feiscint gur dhúbailigh an líon eallaigh os cionn bliana d'aois (nach ba bainne iad) sa tréimhse 1855–1880, fad is a d'fhan líon na mbó bainne fé mar a bhí. Ciallaíonn méadú mór an eallaigh fé bhun bliana go raibh feirmeoirí an cheantair ag coimeád gamhna le haghaidh iad a chothú i gcomhair mairteola. De ghnáth, i gcás na bhfeirmeoirí a bhí dírithe go príomhdha ar an déiríocht, ní choimeádaí ach an líon gamhna a bhí riachtanach i gcomhair táirgthe bhainne amach anso. Léiríonn an fás sonntasach i líon iomlán an eallaigh a bhí á gcothú, níos mó ná aon rud eile, meath na curadóireachta agus aistriú na talún a bhí i gceist don chothú beostoic.

TÁBLA 2

LÍON EALLAIGH, BAR. DÉISE LAISTIGH DE NA DROMA, 1855–1880		
	1855	1880
Ba bainne	4537	4576
Eallach (fé bhun bliana d'aois)	1906	3207
Eallach eile	2075	4056
<i>Iomlán</i>	8518	11839

Foinse: An tÁireamh Talmhaíochta

Toradh amháin a d'fhás as an aistriú seo ón gcuradóireacht do dtí cothú beostoic ná gur chuir sé go mór le tábhacht an aonaigh mhíosúil i nDún Garbhán a tháinig chun tosaigh sa tarna leath den 19ú aois. Toisc go raibh daonra an bhaile sin ag titim sa tréimhse sin, is tuairim choitianta í go raibh geilleagar an bhaile ag dul i léig leis, ach ní mar sin a bhí. Le cúl-saí talmhaíochta sa cheantar máguaird ag dul i bhfeabhas, bhí borradh i líon na mbeithíoch a bhí á gcur ar díol ag an aonach agus bhí breis airgid le caitheamh ag na teaghlaigh fheirmeoireacha. I ngach foirgneamh i gcearnóg Dhún Garbhán, mar shampla, bhí siopa grósaera chun tosaigh agus beár beag taobh thiar de, agus fad is a bhíodh na feirmeoirí sa chúil ag ceiliúradh fáltas an lae, bhíodh na mná céile ag ceannach na riachtanas tís amuigh! Ag cur gnónna eile san áireamh, bialanna, bancanna agus eile,



Lá an Aonaigh, Cearnóg Grattan, Dún Garbhán, c. 1900

níl aon amhras ach go raibh díolachán agus ceannachán na bhfeirmeoirí an-thábhachtach do shaol an bhaile um an dtaca seo.

### Teicneolaíocht nua

Seachas na hathruithe móra ó thaobh na dtorthaí a bhí á dtáirgiú, tharla athruithe tábhachtacha eile i saol feirmeoireachta an tSean-Phobail san 19ú aois. Bhain an-chuid acu siúd le dul chun cinn teicneolaíochta agus an tionchar a bhí aige seo ar an saol eacnamaíoch agus sóisialta. I measc na ngléasanna nua a tugadh isteach le linn na haoise seo bhí an céacht iarainn, a chruthaíodh thart ar 1820, agus an céacht cruach, a tháinig isteach sna triochaidí. Leis an ngléas seo, bhí an treabhadh i bhfad níos tapúla agus níos éifeachtaí. Sna triochaidí leis, tugadh isteach an meaisín bainte, gléas simplí go leor ach go raibh capall nó dhó ag teastáil chun é a tharraingt, ach a bhí i bhfad níos tapúla ná an speal traidisiúnta chun féar nó arbhar a bhaint.

Gléas a bhí an-úsáideach ar fad dóibh siúd a bhí in ann íoc as ab ea an t-inneall buailte. Roimh theacht an innill seo, scaradh na diasa arbhair ón túí leis an súiste láimhe, próiseas a bhí dian, mall agus an-leadránach. Cruthaíodh leagan den inneall buailte a oibríodh le capall san 18ú aois, ach cuireadh go mór lena éifeacht nuair a cuireadh gal-chumhacht leis ag teacht suas go lár na 19ú aoise. Ansan, sna seachtóidí, tugadh isteach an bainteoir agus ceanglóir, inneall a bhí in ann ní hamháin an t-arbhar a bhaint ach é a cheangailt ina bpunanna ag an am céanna. Anois, ní raibh le déanamh ag an bhfeirmeoir ach na punanna a sheasamh ina stucaí lena dtriomú fé gcuirfí ar aghaidh go dtí an scioból iad.

Toradh an-thábhachtach a d'éirigh as an teicneolaíocht nua seo ná go raibh buíon daoine ag teastáil chun táirgeadh na n-inneall nua a láimhseáil, toisc a mhíreacht a d'oibrigh siad. Mar sin, bhíodh sé de nós ag na comharsain teacht le chéile mar mheitheal oibre an lá a bheadh feirmeoir ag tabhairt fén bhfómhar nó fén mbuaileadh. Seachas an obair chruaidh agus an tábhacht eacnamaíoch a bhain leo, ba ócáideanna móra sóisialta na hócáideanna seo; bhíodh plé agus craic ar siúl, d'óltaí neart pórtair agus, ag deireadh an lae, go minic d'eagrafítí cóisir i dtigh an fheirmeora mar a mbeadh togha ceoil, amhránaíochta agus rince ar fáil.

### Teacht na huachtarlainne

Ag druidim le deireadh na 19ú aoise, tháinig píosa teicneolaíochta nua eile go hÉirinn go raibh tionchar an-mhór aige ar an bhfeirmeoireacht sa Sean-Phobal. Ba é seo an meaisín deighilte a bhí in ann an t-uachtar a scarúint ón bhainne úr i bhfad níos tapúla agus níos iomláine ná an modh traidisiúnta. Ach níor mhór bainne cúig chéad bó chun an meaisín seo a choimeád ar siúl. I gcás an tSean-Phobail, dob ionann san agus 50 feirm nó mar sin. Thugtaí 'uachtarlann' ar an bhfoirgneamh ina raibh an deighilteoir suite, agus bhí ar na feirmeoirí an bainne a iompar ó na feirmeacha go dtí an uachtarlann. Cuireadh an chéad uachtarlann in Éirinn ar siúl i gContae Luimní in 1886, agus 13 bliana ina dhiaidh sin cuireadh ceann ar bun sa Sean-Phobal, ar láthair ar an gCnocán Rua. Comhlucht ó Learpholl Shasana, J. J. Lonsdale, a thóg an uachtarlann seo, comhlucht go raibh scata uachtarlann acu ar fuaid na tíre thart ar an am seo, seacht gcinn in iarthar na nDéise ina measc. Thógtaí an t-uachtar ón uachtarlann sa Sean-Phobal go hEochaill agus uaidh san ar an traein go Corcaigh, áit go raibh monarcha ag Lonsdale chun im a dhéanamh as an uachtar.

Ní heol dúinn cé mhéad de fheirmeoirí an cheantair a bhí ag soláthar bainne don uachtarlann nua, nó conas mar a chuaigh sí i bhfeidhm ar an

bhfeirmeoireacht áitiúil, ach níor mhair sí ró-fhada. D'éirigh J. J. Lonsdale as an gcuid is mó de na huachtarlanna a bhí acu in Éirinn go luath sa 20ú aois, agus cé gur éirigh leo na cinn eile sna Déise a dhíol, dúnadh an ceann sa Sean-Phobal in 1904, rud a chiallaíonn, b'fhéidir, ná raibh ag éirí go ró-mhaith leis. B'éigin d'fheirmeoirí an tSean-Phobail fuireach go ceann fiche blian eile sular tháinig uachtarlann eile go dtí an paróiste – craobh de chuid an chomharchumainn nua déiríochta a bunaíodh i nDún Garbhán i 1920 (Breathnach, 2004). Tógadh an uachtarlann nua seo i bhFearann na Leanta, beagnach treasna an bhóthair ón láthair ina raibh sean-uachtarlann Lonsdale suite.

Is féidir a rá go raibh tionchar réabhlóideach ag an uachtarlann nua ar fheirmeoireacht an tSean-Phobail, toisc go raibh beagnach gach feirmeoir sa cheantar (agus roinnt mhaith ón Rinn leis) páirteach inti; toisc a thábhachtaí a bhí an déiríocht i dtalmhaíocht na háite (le 5 go dtí 10 gcinn de bha sa chuid is mó de na feirmeacha, agus suas le 20 bó sna feirmeacha is mó), agus toisc mar a athraíodh an saol laethúil ar na feirmeacha de bharr teacht na huachtarlainne. Roimhe seo, ba phróiseas fada agus leadránach é déanamh an ime ar na feirmeacha. Tar éis na ba a bheith crúite, chuirí an bainne úr i bpannaí éadoimhne agus ligí don uachtar teacht go nádúrtha go dtí an droimpla. Ansan chuirí an t-uachtar i gcuinneog loine len é a mhaistriú go dtí go ndéantaí im de (obair a bhí mall agus dian). Chuirí an t-im i mbarailí speisialta ar a dtugtaí 'feircíní', agus nuair a bhíodh an feircín lán, thógtaí é go dtí an margadh len é a dhíol.

Anois, seachas an crú bó, bhí deireadh leis an bpróiseas seo ar fad. Ina ionad, bhí an turas laethúil go dtí an uachtarlann. Agus toisc go raibh gach feirmeoir sa pharóiste ag teacht go dtí an uachtarlann beagnach ag an am céanna, ní fada gur bhain an teacht le chéile seo áit lárnach amach i saol an phobail, le craic, plé agus díospóireacht ar chúrsaí reatha (agus cúrsaí spóirt go háirithe) agus scaipeadh eolais. Luann Éamonn Ó Druacháin (Ó Druacháin, 1999), ina aiste fíor-thaithneamhach ar uachtarlann an tSean-Phobail in AN LINN BHUÍ 3 (1999), ról Éamoinn Uí Chadhla ó Bhaile an tSléibhe, go raibh raidió aige níos luaithe ná an chuid is mó den phobal áitiúil. Toisc é bheith ina chónaí gar don uachtarlann, bhíodh sé ann go luath gach lá leis an nuacht is déanaí a insint, agus théadh an nuacht san ó dhuine go duine de réir mar a thagaidís go dtí an uachtarlann (cé go mb'fhéidir go mbeadh an leagan a gheobhadh an duine deireannach difriúil a dhóthain ón leagan a insíodh i dtús báire). Rud a bhí coitianta i gcás fhormhór na n-uachtarlann sna réigiúin déiríochta ná tithe tábhairne a bheith suite in aice leo (mar go mbídís araon i lár an pharóiste), agus



leanadh roinnt de na feirmeoirí ar aghaidh leis an gcaic agus leis an bple iontu san. Gan amhras, bhí sé amhlaidh i gcás tí tábhairne Liam Breathnach ag an gcrosaire ar an gCnocán Rua, cé go ndeir Ó Druacháin go raibh sé de nós ag formhór mór na bhfeirmeoirí sa Sean-Phobal dul díreach abhaile tar éis don bhainne a bheith seachadta chuig an uachtarlann acu.

Leis an dul chun cinn mór a rinne Comharchumann Dhún Garbhán ó na tríochaidí ar aghaidh (Breathnach, 2004), bhí praghasanna maithe á dtuilleamh ag feirmeoirí an tSean-Phobail i gcomhair an bhainne a bhí á sholáthar acu, agus ba mhór an rud é an seic míosúil a bheith ag teacht isteach, agus an cairde agus praghasanna speisialta a bhí ar fáil ón stór san uachtarlann, áit a raibh gach riachtanas tís agus feirmeoireachta ar fáil (Ó Druacháin, 1999). Sa tréimhse sin bhí borradh mór i líon na mbó bainne sa pharóiste, agus i dtáirgiúlacht na mbó leis, agus mar sin bhí borradh mór sa soláthar bainne. Rud amháin a chuir leis an dtáirgiúlacht seo ná teacht na mbó Freaslannach ó na caogaidí ar aghaidh in ionad na mbó gearradharcach a bhíodh in úsáid sa tír seo ó thús na 19ú aoise.

### **Athruithe nua-aimseartha i bhfeirmeoireacht an tSean-Phobail**

Ní raibh i dteacht na mbó Freaslannach ach ceann amháin de na hathruithe móra sa bhfeirmeoireacht a thosnaigh sna caogaidí. I 1954 tháinig an chumhacht aibhléise phoiblí go dtí an Sean-Phobal don chéad uair, agus i measc na n-athruithe móra a d'fhás as san, thosnaigh feirmeoirí ag cur meaisíní, agus ansan párlúis chrúite, isteach. Thart ar an am seo, chonacthas tarracóirí agus gluaisteáin i gclóis na feirme don chéad uair, rud a chuir deireadh le ré na gcapall, go mbíodh dhá cheann díobh de ghnáth ag gach feirmeoir.

Tharla an chéad athrú mór i saol na huachtarlainne i 1951 nuair a thosnaigh fear áitiúil, Paddy Tobin, go raibh leoraí aige, ag bailiú an bhainne ó roinnt de na feirmeacha lena bhreith go dtí an uachtarlann, rud a chuir deireadh leis an turas laethúil do na feirmeoirí a bhí i gceist. Ansan, sna seascaidí, theastaigh an bainne iomlán ón gcomharchumann i nDún Garbhán i gcomhair na monarchan nua púdair a bhí á tógáil ansan. Chuir sé sin deireadh le deighilt an bhainne san uachtarlann, cé go dtagadh feirmeoirí fós chúichi chun an bainne a chur ar bord leoraí Phaddy Tobin chun é a bhreith ar aghaidh go Dún Garbhán. I lár na seascaidí, tosnaíodh ar an mbainne a chur díreach go Dún Garbhán ó na feirmeacha, agus cé gur lean an uachtarlann ar aghaidh ar feadh tamaill mar stór, dúnadh í go hiomlán i ndeireadh thiar i 1980. Á chur san áireamh a mhéid a chuaigh an uachtarlann i bhfeidhm ar shaol eacnamaíoch agus sóisialta an phobail,

is iontach a ghiorra a mhair sí, rud a léiríonn a thapúla agus atá an ráta athruithe sa saol atá inniu ann.

Nuair a thosnaigh na feirmeoirí ag cur an bhainne iomlán go dtí Dún Garbhán, chuir a bhformhór deireadh leis an gcothú muc, gnó a bhíodh ina chuid tábhachtach de gheilleagar na gceantar déiríochta, mar go dtugtaí an bainne bearrtha (.i. an fuíollach tar éis an t-uachtar a bheith deighilte amach) a thógtaí abhaile ón uachtarlann mar bhia do na muca. Ach anois ní raibh an bainne sin ar fáil a thuilleadh. Ag an am céanna bhí ré na n-éanlaithe tís ag druidim isteach leis. I 1936, ar an meán, bhí thart ar seacht muc agus 60 éanlaithe ar gach feirm sa pharóiste, ach tá siad san imithe anois le fada an lá. De ghnáth, ba chúramaí na mban feirme cothú na muc agus na n-éanlaithe – mar ab amhlaidh i gcás crú na mbó agus déanamh an ime roimh theacht na huachtarlainne. Mar sin, cé go raibh ról lárnach ag na mná i bhfeirmeoireacht an tSean-Phobail ag deireadh na 19ú aoise, fé sheascaidí na 20ú aoise is ar éigin a bhí siad páirteach i bpríomh-thionscal an pharóiste ar chor ar bith.

Tar éis d'Éirinn dul isteach sa Chomhphobal Eorpach i 1973, tugadh spreagadh mór do thionscal na talmhaíochta de bharr na bhfoirdheontas flaithiúla a bhí ar fáil. Mar sin, tosnaíodh ar an-chuid airgid a infheistiú sna feirmeacha d'fhonn an leibhéal táirgthe a ardú. Cuireadh an t-airgead seo i bhfoirgintí, meaisíní agus trealamh eile, i méadú na dtréad bó, agus i méadú na bhfeirmeacha trí thalamh bhreise a cheannach nó a thógaint ar cíos, nó trí mhíntíriú a dhéanamh ar dhroch-thalamh riascach nó fraochach. Mhéadaigh an-chuid de na feirmeoirí na páirceanna a bhí acu trí claíocha a leagadh, chun iad a dhéanamh níos áisiúla do úsáid innealra, agus chun an innillt bheostoic a chur ar bonn níos éifeachtaí, á chur san áireamh an méadú mór a bhí tarlaithe in úsáid an leasaithe talún leis. Athrú mór eile ab ea déanamh an tsaghlais in ionad féir: úsáidtear inniu aon trian amháin de thalamh fheirmeoireachta an tSean-Phobail chuige seo.

### An Fhoroiseacht

Rud a chuir srian ar an míntíriú sa Sean-Phobal sa tréimhse seo ná an dul chun cinn a bhí déanta cheana féin ag an bhforoiseacht sa pharóiste. Luadh níos luaithe san alt seo a oiriúnaí agus atá an aeráid fhliuch mheasartha in Éirinn d'fhás féir, ach tá sí níos oiriúnaí fós do chrainn, agus is dóiche go raibh an Sean-Phobal clúdaithe leo nuair a tháinig daoine go dtí an ceantar don chéad uair riamh na mílte blian ó shoin. Ach nuair a leagadh na crainn, nochtadh an talamh don bháisteach leanúnach, a phioc na mianraí ón ithir gar don drompla, agus a leag síos iad ag leibhéal níos doimhne, áit ar dhein

sraith díobh nárbh fhéidir an t-uisce dul tríd a thuilleadh. Mar sin, fágadh an ithir báite le huisce; níorbh fhéidir le plandaí lobhadh go hiomlán de cheal ocsaigin, agus d'fhás an mhóinteach de réir a chéile. Is ar an talamh ard i dtuaisceart an tSean-Phobail is mó a tharla an próiseas seo, agus is anso a fuarthas na réanna réamhluaithe, limistéir mhóra oscailte clúdaithe le fraocha agus luachra a fágadh ar lár ón talmhaíocht.

Tar éis bhunú Saorstát Éireann, chuir an rialtas nua feachtas ar bun chun crainn a chur ar ais sna ceantair tuaithe, ceantair a bhí beagnach lán-nochtaithe ó thaobh na foraoiseachta dhe fé thús na fichiú aoise. I gcás an tSean-Phobail, cuireadh tús leis an bhforaoiseacht sa cheantar ag síneadh ó Mhóin na Mian soir go dtí An Scardán i 1948, agus bhí breis agus 3,000 acra fé chrainn sa cheantar fé 1978. Tá limistéar beag foraoiseachta, leis, idir an Cruabhaile Uachtarach agus Baile Throsnáin, níos faide ó dheas. An ghiúis ghallda agus an ghiúis péinne is mó atá curtha isteach, le beagán learóige agus gnáth-ghiúise, agus an feá in úsáid mar chlúdach ar na himeallacha. Úsáideadh an learóg go háirithe sna limistéir fhraochacha agus an ghiúis sna limistéir riascacha luacracha. Tosnaíodh ar na crainn óga a thanú sna seascaidí, agus tá na crainn fhásta á mbaint anois le roinnt blianta.

Le forbairt na talmhaíochta ó na seachtóidí ar aghaidh, dob fhiú an drochthalamh ar na réanna a mhíntúriú i dtreo cothú beostoic, agus bhí sé deacair ar Choimisiún na Foraoiseachta (mar a bhí ag an am) talamh a cheannach sa cheantar a thuilleadh. Mar sin, níor cuireadh mórán crann breise sa Sean-Phobal le tríocha blian anuas. Ach, le dul fé na talmhaíochta le blianta beaga anuas, agus deontais fhlaithiúla ar fáil anois don bhforaoiseacht phríobháideach, seans go bhfeicimid athbheochan san earnáil seo sna blianta atá romhainn.

### **Meath na feirmeoireachta mar shlí bheatha**

Cé go raibh an tionscal déiríochta ag forbairt go tapaidh sna seascaidí agus na seachtóidí, ní raibh gach feirmeoir in ann coimeád suas leis na hathruithe a bhí ag titim amach. De dheasca sean-aoise nó easpa acmhainní, ní raibh roinnt mhaith daoine in ann an t-infheistiú a bhí ag teastáil a chur isteach, agus bhí orthu éirí as an déiríocht ar fad. Ar ndóigh, tá an-chuid acu éirithe as an talmhaíocht ar fad anois. Inniu, tá líon na bhfeirmeoirí sa Sean-Phobal laghdaithe go dtí níos lú ná a leath den líon a bhí ann caoga blian ó shoin. Astu siúd atá fágtha, níl ach aon trian amháin acu atá anois ag cur bainne go dtí an uachtarlann (atá anois i dtuaisceart Cille Cainnigh tar éis cruthú an chomhlachta 'Glanbia' ó chomhnascadh 'Avonmore' agus Comharchumann Phort Láirge).

Tá cothú eallaigh mhairteola go mór chun tosaigh i bhfeirmeoireacht an tSean-Phobail anois. Inniu, níl ach 6% de thalamh an cheantair tugtha don churadóireacht i gcomparáid le 17% in 1936 agus 40% in 1855. Mar a léiríonn Tábla 3, do gach bó atá á crú i gcomhair 'Glanbia', tá beagnach bó eile in úsáid chun bainne a sholáthar do ghamhna ('ba siolptha' a thugtar ar na ba seo), agus tá níos mó ná dhá eallach eile atá os cionn bliain d'aois. Agus ní dheineann an tábla seo aon tagairt do chaoirigh, go bhfuil a trí oiread níos mó acu sa cheantar anois ná céad bliain ó shoin.

TÁBLA 3

UIMHREACHA EALLAIGH, TOGHROINN BHAILE MHC AIRT		
	1936	2000
Ba déiríochta	909	888
Ba siolptha	—	658
Eallach (fé bhun bliain d'aois)	976	1037
Eallach eile	777	1976
<i>Iomlán</i>	2392	4559

Foinse: An tÁireamh Talmhaíochta

### Focal scoir

Tá sé le feiscint, mar sin, a mhéid atá an fheirmeoireacht athraithe sa Sean-Phobal le cúpla céad bliain anuas, agus an chuid is mó dena hathruithe san tar éis titim amach sa tríocha bliain atá díreach curtha dinn. Gan amhras, tá gnéithe deimhneacha agus diúltacha ag baint leis na hathruithe seo, ach caithfear a rá, tríd is tríd, go bhfuil an saol níos fearr do fhormhór mór na ndaoine inniu ná mar a bhí sé riamh. I gcás an tSean-Phobail, tá an daonra ag fás arís tar éis dó titim go leanúnach ó lár na 19ú aoise ar aghaidh. Ba chóir dúinn oidhreacht na feirmeoireachta a chaomhnú chomh fada agus is féidir, toisc a lárnaí agus a bhí sé i saol na ndaoine riamh. Ag an am céanna, caithfimid glacadh leis an ré nua eacnamaíochta agus teicneolaíochta, agus leis na deiseanna iontacha atá curtha ar fáil ag an ré nua seo.

### Tagairtí

- BREATHNACH, P. (2004). 'The role of Dungarvan Creamery in the Irish dairy co-operative movement'. Waterford County Museum, Dungarvan (<http://www.waterfordcountymuseum.org/exhibit/web/Display/article/183/>)
- BURTCHAELL, J. (1992). 'A typology of settlement and society in County Waterford c.1850', in William Nolan agus Thomas Power (eag.), *Waterford history and society* (Baile Átha Cliath) 541-78
- GLOHESSY, D. (Gan dáta). 'The modern Irish dairy industry'. Tráchtas M.A., An Coláiste ollscoile, Baile Átha Cliath

PROINNSIAS BREATHNACH

- KIELY, M. agus W. Nolan (1992). 'Politics, land and rural conflict in County Waterford, c.1830-1845', in Nolan agus Power, *Waterford history and society* 459-94
- Ó CATHBUADHAIGH, M. (eag.) (2005). *Uachtarlann an tSean Phobail* (Coiste Forbartha an tSean-Phobail, cóipeanna fós le fáil ó mocof@hotmail.com)
- Ó DRUACHÁIN, É. (1999). 'Uachtarlann an tSean-Phobail', *An Linn Bhúí* 3, 113-19.
- Ó GRÁDA, C. (1994). *Ireland: a new economic history 1780-1939* (Oxford)
- SOLAR, P. (1990). 'The Irish butter trade in the nineteenth century: new estimates and their implications', *Studia Hibernica* 25, 134-61
- TURNER, M. (1996). *After the Famine: Irish agriculture, 1850-1914* (Cambridge)

*Thall*: Lá coisreacan na Neona sa tSean-Chill, Rinn Ó gCuanach, 1964  
*Ar cúl, ó chlé*: Seán Mac Craith (Cnocán an Phaoraigh), Muiris de Róiste, Pádraig Ó Corraoin, Domhnall (Danny) Ó Murchadha, Muiris Tóibín, Michéal Ó Catháin, J. J. Ó Corraoin, an Sáirsint Ó Maolruaidh, Séamas Ó Lonáin (Séamas Óg ina bhaclainn aige), Risteard Turraoin, an tAth. Ó Domhnaill, SP, Seán Ó Síothcháin, an tAiltire, an tAth. Victor de Paor, Gearóid Ó Coinn (Heilbhic), Pádraig Ó Druacháin, Pádraig de Faoit


*Chun tosaigh*: Pádraig Ó Druacháin (agus gearrchaile ina bhaclainn aige), Tomás Mac Eoin, Seán Ó Manacháin, Michéal Ó Manacháin (idir an dá gharsún), Michéal Óg Ó Manacháin, Donnchadh Ó Maonaigh, Seán Mac Craith (Baile Uí Chorraoin), Pádraig Ó Corraoin (Peaidí Pheats), Seán Tóibín (athair Mhuiris), ———

County  
society

Coiste

3-19.

mates



raig  
áin,  
pha-  
an  
áin,

nás  
éal  
n),